Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10269/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0137 (NLE)**

**SOC 375**
**EMPL 199**
**ECOFIN 788**
**EDUC 256**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 510 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 510 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 510 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.6.2026
COM(2026) 510 final

2026/0137 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear ar na Ballstáit a mheas gur ábhar leasa choitinn iad a mbeartais eacnamaíocha agus cur chun cinn na fostaíochta, agus a ngníomhaíocht a chomhordú laistigh den Chomhairle. Ceanglaítear ar an gComhairle treoirlínte do bheartas fostaíochta a ghlacadh (Airteagal 148), ar treoirlínte iad nach mór a bheith comhsheasmhach leis na mór-threoirlínte beartas eacnamaíoch (Airteagal 121).

Cé go bhfuil na mór-threoirlínte beartais eacnamaíoch bailí ar bhonn leanúnach, ní mór na treoirlínte fostaíochta a tharraingt suas gach bliain. Glacadh an dá shraith treoirlínte le chéile ('pacáiste comhtháite') in 2010, agus bhí siad mar bhonn taca faoin 'straitéis Eoraip 2020'. Glacadh treoirlínte comhtháite athbhreithnithe in 2015. Maidir leis na treoirlínte fostaíochta, tá cleachtas tagtha chun cinn ó bhí 2018 ann ina ndéantar babhtáil idir nuashonrú iomlán (lena gcumhdaítear na haithrisí agus na treoirlínte iarbhír) gach re bliain agus 'athbhunú' (lena ndéantar na haithrisí a thabhairt cothrom le dáta agus na treoirlínte iarbhír a choimeád gan athrú) gach bliain eile. Tar éis nuashonrú iomlán in 2024, rinneadh athbhunú in 2025. Dá bhrí sin, tá na treoirlínte iarbhír agus na haithrisí á dtabhairt cothrom le dáta i mbliana. Tugtar eilimintí nua isteach sna treoirlínte, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: (i) cáilíocht poist (a bhaineann leis an Treochlár um Poist dea-cháilíochta a chuir an Coimisiún i láthair i mí na Nollag 2025 agus obair an Choiste Fostaíochta (EMCO) maidir leis na gnéithe éagsúla de cháilíocht poist agus den chreat faireacháin gaolmhar); (ii) scileanna agus oideachas (i gcomhréir leis an Moladh nua ón gComhairle maidir le Caipiteal Daonna a chuir an Coimisiún ar aghaidh i mí na Samhna 2025 agus a ghlac an Chomhairle i mí an Mhárta 2026); agus (iii) laghdú na bochtaineachta agus cuimsiú sóisialta (i gcomhréir leis an Straitéis in aghaidh na Bochtaineachta a chuir an Coimisiún ar aghaidh i mí na Bealtaine 2026). Rinneadh cuíchóiriú suntasach ar na treoirlínte freisin chun athrá a sheachaint agus chun inléiteacht a fheabhsú. Ar an gcaoi chéanna, tugadh na haithrisí cothrom leis an gcomhthéacs socheacnamaíoch atá ann faoi láthair agus leis na tionscnaimh bheartais is déanaí.

Mar aon leis na mór-threoirlínte beartas eacnamaíoch, cuirtear na treoirlínte fostaíochta i láthair mar Chinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát (Cuid II de na Treoirlínte Comhtháite) agus tugtar bunús leo do mholtaí tírshonracha sna réimsí faoi seach.

Is iad seo a leanas na 'Treoirlínte do Bheartas Fostaíochta' athbhreithnithe:

Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar

Treoirlíne 6: Feabhas a chur ar an soláthar saothair agus ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí ar feadh an tsaoil

Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta

Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chosc agus a chomhrac

2026/0137 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 148(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa([2]),

Tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá na Ballstáit agus an tAontas le hoibriú i dtreo straitéis chomhordaithe don fhostaíocht a fhorbairt agus go háirithe chun fórsa saothair sciliúil oilte inoiriúnaithe a chur chun cinn, chomh maith le margaí saothair cuimsitheacha athléimneacha, d'fhonn na cuspóirí maidir le lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta, agus fás cothrom eacnamaíoch, mar a leagtar síos in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) bhaint amach. Measfaidh na Ballstáit gur ábhar leasa choitinn é cur chun cinn na fostaíochta agus déanfaidh siad a ngníomhaíocht a chomhordú ina leith sin laistigh den Chomhairle.

(2) Tá sé beartaithe ag an Aontas an t-eisiamh sóisialta agus an t-idirdhealú a chomhrac, agus an ceartas sóisialta agus an chosaint shóisialta, an comhionannas idir mná agus fir, an dlúthpháirtíocht idir na glúine agus an chosaint ar chearta an linbh a chur chun cinn, mar a leagtar síos in Airteagal 3 CAE. Agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, tabharfaidh an tAontas aird ar na ceanglais atá nasctha le hardleibhéal fostaíochta a chur chun cinn, cosaint shóisialta leormhaith a ráthú, an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, agus ardleibhéal oideachais, oiliúna agus cosanta do shláinte an duine mar a leagtar síos in Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

(3) I gcomhréir le CFAE, tá creat comhtháite comhordaithe beartais forbartha agus curtha chun feidhme ag an Aontas le haghaidh beartais eacnamaíocha agus fostaíochta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh([4]). Tá an Seimeastar Eorpach ailínithe leis an

---

[1] Tuairim an DÁTA le deimhniú 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[2] Tuairim an DÁTA le deimhniú 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[3] Tuairim an DÁTA le deimhniú 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[4] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach

gCompás Iomaíochais lena gcuirtear creat ar fáil chun borradh a chur faoin iomaíochas tríd an mbearna nuálaíochta a dhúnadh, tríd an ngeilleagar a dhícharbónú, trí spleáchais iomarcacha a laghdú agus tríd an tslándáil a mhéadú. Sainaithnítear sa Chompás scileanna, poist ardcháilíochta agus cothroime shóisialta i measc na gcumasóirí cothrománacha. Comhtháthaítear leis an Seimeastar Eorpach freisin prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i mí na Samhna 2017([5]). Braitheann sé ar an Scórchlár Sóisialta mar uirlis faireacháin. Ina theannta sin, is é an Scórchlár Sóisialta is bonn le hanailís a dhéanamh ar na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann leis an gcóineasú sóisialta aníos san Aontas, faoi chuimsiú an Chreata maidir le Cóineasú Sóisialta([6]). Foráiltear leis an Seimeastar Eorpach do rannpháirtíocht láidir leis na comhpháirtithe sóisialta, leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe leasmhara eile. Comhlánaítear an Seimeastar freisin le rialachas agus moltaí Chlár Beartais don Deacáid Dhigiteach.

(4) Mar chuid den chreat sin, is éard atá sna Treoirlínte Comhtháite na treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát ('na Treoirlínte Fostaíochta') a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, mar aon leis na treoirlínte ginearálta do bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais a leagtar amach i Moladh (AE) 2015/1184 ón gComhairle ([7]). Tá na Treoirlínte Fostaíochta ann chun cur chun feidhme an bheartais a threorú sna Ballstáit agus san Aontas, rud a léiríonn an t-idirspleáchas atá ann idir na Ballstáit. Is meascán iomchuí de bheartais eacnamaíocha, fostaíochta agus shóisialta é an tacar beartas comhordaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a eascraíonn as sin. Ba cheart éifeachtaí seach-iarmharta dearfacha a bheith aige ar mhargaí an tsaothair agus ar an tsochaí i gcoitinne, ba cheart dó athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a neartú, agus freagairt go héifeachtach do dhúshláin mheántéarmacha agus do dhúshláin níos fadtéarmaí, lena n-áirítear an gá atá le hiomaíochas, nuálaíocht agus táirgiúlacht agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú. Ba cheart beartais eacnamaíocha agus fostaíochta an Aontais agus na mBallstát a bheith fite fuaite le haistriú cothrom an Aontais i dtreo geilleagar aeráidneodrach, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus ceannasach go digiteach.

(5) Tá na Treoirlínte Fostaíochta comhsheasmhach le creat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe an Aontais, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024([8]), agus le reachtaíocht an Aontais agus tionscnaimh an Aontais atá ann cheana. Áirítear orthu sin, *inter alia*, na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir le hAontas na Scileanna, an 5 Márta 2025([9]), agus maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh in aghaidh na Bochtaineachta: aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht ón óige go dtí an tseanaois

---

agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[5] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (IO C 428, 13.12.2017, lch. 10).

[6] Féach Airteagal 3(3)b agus aithris 8 de Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024.

[7] Moladh (AE) 2015/1184 ón gComhairle an 14 Iúil 2015 maidir le mór-threoirlínte beartas eacnamaíoch na mBallstát agus an Aontais (IO L 192, 18.7.2015, lch. 27).

[8] Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

[9] COM (2025) 90 final.

agus í a chosc, an 6 Bealtaine 2026, agus an Moladh ón gComhairle maidir le Caipiteal Daonna san Aontas Eorpach an 9 Márta 2026.

(6) Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta leagtar amach 20 prionsabal agus ceart chun tacú le dea-fheidhmiú agus cothromas i margaí an tsaothair. Tá siad bunaithe ar chomhionannas deiseanna agus rochtain chothrom ar mhargadh an tsaothair, dálaí oibre cothroma agus cosaint agus cuimsiú sóisialta. Tugann na prionsabail agus na cearta sin treoraíocht straitéiseach don Aontas. Is treoraíocht é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, mar aon leis an Scórchlár Sóisialta a ghabhann leis, chun faireachán a dhéanamh ar fhostaíocht, scileanna agus feidhmíocht shóisialta na mBallstát agus ar chóineasú sóisialta aníos san Aontas, sa Seimeastar Eorpach. Spreagann an Colún athchóirithe agus infheistíochtaí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, rud a fhágann gur féidir réiteach a dhéanamh idir an 'sóisialta' agus an 'margadh' i ngeilleagar nua-aimseartha an lae inniu.

(7) An 4 Márta 2021, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta ar aghaidh maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Áiríodh leis sin príomhspriocanna de chuid an Aontais do 2030, ar spriocanna iad atá uaillmhianach ach réadúil, maidir le fostaíocht (gur cheart 78 % ar a laghad den daonra idir 20 bliain agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe), scileanna (gur cheart 60 % ar a laghad de na daoine fásta uile a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain) agus laghdú na bochtaineachta (gur cheart ar a laghad 15 mhilliún níos lú daoine a bheith i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh) ('príomhspriocanna an Aontais do 2030'). Áiríodh ann freisin fospriocanna comhlántacha, chomh maith le Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe. Chuir na Cinn Stáit nó Rialtais in iúl ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto i mí na Bealtaine 2021 agus ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021 gur dhíol sásaimh dóibh príomhspriocanna an Aontais do 2030. Cuidíonn siad, in éineacht leis an Scórchlár Sóisialta, le tacú le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta sa Seimeastar Eorpach. I bhfianaise an mhéid sin, leag na Ballstáit spriocanna náisiúnta uaillmhianacha síos freisin, ar spriocanna iad atá ina rannchuidiú leormhaith chun 3 phríomhsprioc an Aontais do 2030 a bhaint amach, agus aird chuí á tabhairt ar an seasamh tosaigh atá ag gach Ballstát.

(8) Déantar faireachán ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus ar an dul chun cinn maidir le príomhspriocanna an Aontais agus leis na príomhspriocanna náisiúnta do 2030 sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht a ghlac an Chomhairle i mí an Mhárta 2026, agus comhtháthaítear é sna huirlisí faireacháin don Seimeastar Eorpach. Tá 'anailís tíre chéadchéime' sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos i gcomhréir leis an gCreat maidir le Cóineasú Sóisialta. Sainaithnítear sa dara ceann na Ballstáit a bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leo agus atá le scrúdú in 'anailís an dara céim' níos doimhne.

(9) Fónann na Treoirlínte Comhtháite mar bhunús leis na moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle chuig na Ballstáit faoin Seimeastar Eorpach. Cé go ndírítear na Treoirlínte Comhtháite chuig na Ballstáit agus chuig an Aontas, ba cheart iad a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla uile, i ndlúthchomhar le parlaimintí, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus ionadaithe na sochaí sibhialta. Le hathchóirithe ar mhargadh an tsaothair agus athchóirithe sóisialta, ba cheart cleachtais náisiúnta an idirphlé shóisialta agus na cómhargála a urramú, chomh maith le neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta. Ag Cruinniú Mullaigh Val Duchesse 2024, agus sa Chomhshocrú maidir le hIdirphlé Sóisialta

Eorpach a síníodh i Márta 2025, athdhearbhaíodh a thábhachtaí atá an t-idirphlé sóisialta chun dul i ngleic le dúshláin i saol na hoibre.

(10) Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as an gcistiú atá ar fáil ón Aontas, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus an Ciste Aeráide Sóisialta, chun fostaíocht agus scileanna ardcháilíochta a chothú, chun an bhochtaineacht a chomhrac agus chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí fostaíochta agus sóisialta. Áirítear leis sin an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, an t-idirdhealú a chomhrac, inrochtaineacht agus cuimsiú a áirithiú, agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe don lucht saothair, foghlaim ar feadh an tsaoil agus oideachas agus oiliúint ardcháilíochta do chách a chur chun cinn. Don tréimhse chistiúcháin tar éis 2027, leanfaidh na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí d’iarrachtaí comhtháite a chur chun cinn agus a neartú sna réimsí sin. Ba cheart na Treoirlínte Fostaíochta a bheith mar bhonn eolais do chlársceidealú na bpleananna CNR. I gcomhthéacs chuspóirí uileghabhálacha dícharbónaithe an Aontais, beidh an Ciste Aeráide Sóisialta([10]) ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais teaghlach leochaileach, úsáideoirí iompair leochaileacha agus micrifhiontar leochaileach.

(11) Ba cheart don Choiste Fostaíochta agus don Choiste um Chosaint Shóisialta faireachán a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear na beartais ábhartha chun feidhme i bhfianaise na dTreoirlínte do Bheartas Fostaíochta, i gcomhréir lena sainorduithe féin faoi CFAE. Maidir leis na Coistí sin agus comhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle a bhfuil baint acu le comhordú na mbeartas eacnamaíoch agus sóisialta, ba cheart dóibh oibriú i ndlúthchomhar le chéile. Ba cheart idirphlé beartais idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a choinneáil ar bun, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na Treoirlínte Fostaíochta.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo glactar na Treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát (‘na Treoirlínte Fostaíochta’), mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad. Na Treoirlínte Fostaíochta, beidh siad ina gcuid de na Treoirlínte Comhtháite.

*Airteagal 2*

Cuirfidh na Ballstáit na Treoirlínte Fostaíochta san áireamh ina mbeartais fostaíochta agus ina gcláir um athchóiriú, agus tuairisceofar na beartais agus na cláir sin i gcomhréir le hAirteagal 148(3) CFAE.

---

10 Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130, 16.5.2023, lgh. 1–51).

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*